

BUISEAD A THACAIONN LE SAORANAIGH AGUS  
TEAGHLAIGH

**Ollchaiteachas Reatha a Vótáladh de €50.1bn – méadú de €429m. 81% den chaiteachas iomlán le caitheamh ar Choimirce Shóisialach, ar Shláinte agus ar Oideachas.**

**Os cionn €350m de Chaiteachas Reatha agus €450m de Chaiteachas Caipitiúil ar Thithíocht Shóisialta trína gcuirfear 7,500 aonad ar fáil.**

**Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a fhorbairt chun 1,500 Aonad Tithíochta Sóisialta a sholáthar faoin mbliain 2017.**

**Feithicil Airgeadais Iasmuigh den Chlár Comhardaithe a bhunú chun Infheistíocht a chur i dtreo na hEarnála Tithíochta Deonaí.**

**€400m den fháltas ó Bord Gáis Energy a dhíol a chur i dtreo feithicil maoinithe nua chun 2,000 aonad breise tithíochta a mhaoiniú.**

**€10m breise chun dul i ngleic le hEaspa Dídine. €55m ar fad á chaitheamh air.**

**Gheobhaidh 180,000 Duine Scothaosta an Liúntas Maireachtála Aonair ardaithe, €9 in aghaidh na seachtaine anois.**

**Méadófar an Sochar Linbh €5 in aghaidh na míosa in 2015.**

BUISEAD A FHREAGRAIONN DO RIACHTANAIIS ATÁ AG  
ATHRÚ

**920 Múinteoir nua príomhshrutha.**

**480 Múinteoir Acmhainne nua - 6,705 ar an iomlán, méadú 21% ó 2013.**

**365 Cúntóir Riachtanais Speisialta nua – Iomlán 11,330, méadú 7% ó 2013.**

**Bearta d'Oideachas Speisialta méadaithe go €1.37m nó 16% den Bhuisead Oideachais.**

**Ní dhéanfar aon athrú ar an gCóimheas Dalta le Múinteoir.**

**€635m don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tacú leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach a cuid seirbhísí leanbh-lárnaithe a sholáthar.**

**€13.1bn don Earnáil Sláinte, méadú de €305m.**

**Cuirfear Fóirdheontas Uisce de €100 in aghaidh na bliana ar fáil do gach duine a fhaigheann an Pácaiste Sochair Teaghlaigh agus na Scéimeanna Liúntais Breosla, fóirdheontas a rachaidh chun tairbhe 653,000 duine.**

BUISEAD A THACAIONN LE POIST AGUS LE DAOINE A  
CHUR AR AIS AG OBAIR

**€1.6bn do Bealaí chun Oibre trína gcuirfear beagnach 300,000 áit nua ar fáil.**

**€12M do sheirbhís gníomhachtúcháin *JobPath*.**

**An líon daoine i *JobsPlus* a dhúbailt go 6,000.**

**An Coimisiún um Pá Íseal a bhunú in 2015.**

**Dreasacht eile atá sa Díbhinn Nua um Theaghlach Oibre chun teaghlaigh a aistriú as an gcóras leasa shóisialaigh agus ar ais ag obair. Beidh teaghlaigh ábalta an Méadú i Leith Linbh Cháilithe iomlán de €29.80 in aghaidh na seachtaine in aghaidh gach linbh a choinneáil go ceann 12 mhí tar éis filleadh ar an obair agus 50% den íocaíocht a choinneáil sa dara bliain ar ionann é is €1,550 i mBliain 1 agus €775 i mBliain 2.**

# BUISEAD 2015

#Budget15  
www.budget.gov.ie



## AN TÉARNAMH A CHINNTIÚ

### Cur chuige freagrach agus stuama

Fás 4.7% ar OTI tuartha in 2014 and fás 3.9% tuartha in 2015.

1.92 milliún Duine ag obair faoi dheireadh 2014. Méadú 80,000 ón bpointe is ísle in 2012. 48,000 post breise tuartha faoi dheireadh 2015.

Tá an t-easnamh ag laghdú i gcónaí – chun tosaigh ar an sprioc – Easnamh de 3.7% in 2014 agus Easnamh de 2.7% in 2015.

Bainte amach gan an oiread arduithe cánach agus laghduithe caiteachais is a ceapadh in 2011.

An cóimheas idir fiachas agus OTI ag laghdú go leanúnach - 111% ag deireadh 2014.

## AG TACÚ LE PRÍOMHEARNÁLACHA SA GHEILLEAGAR BAILE

An leas is fearr a bhaint as **talamh talmhaíochta** atá ar fáil trí bhearta chun léasáil fhadtéarmach a spreagadh.

Aghaidh a thabhairt ar luaineacht ioncaim tríd an scéim mheánú ioncaim a fheabhsú.

Tacú le hEarnáil na Turasóireachta tríd an ráta CBL 9% a choinneáil.

Tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide tríd athruithe ar an **Scéim Síolchaitil** agus ar **Scéimeanna Dreasachta Fostaíochta agus Infheistíochta**.

Onnmhairí a spreagadh trí fheabhsuithe ar an **Asbhaint um Tuilleamh Coigríche** agus an **Straitéis Onnmhairithe** a chur i bhfeidhm in 2015.

## LUAÍOCHT AR OBAIR AGUS DEISEANNA A CHRUTHÚ

Beidh buntáiste **sna hathruithe sa Bhuiséad seo** do gach oibrí a **íocann cáin ioncaim nó an Muirear Sóisialta Uilíoch nó iad araon**.

**Ualach an MSU** orthusan ar na hioncaim is ísle a mhaolú trí thairsí a ardú agus rátaí a ísliú.

**80,000 oibrí ar ioncam íseal** bainte as an gcóras MSU.

**Laghdú ar an ráta imeallach cánach 52%** dóibhsan atá ar mheánioncam tríd an mbanda a mhéadú de €1,000 agus an t-ardráta cánach ioncaim a laghdú go 40% - **rud a mbainfidh 742,000 tairbhe as**.

Cuirfear faoiseamh cánach de réir ráta 20% ar fáil i leith muirir uisce suas go dtí uasmhéid €500 in aghaidh na bliana.

**Faoiseamh á dhíriú ar lucht meánioncaim agus ar ioncam íseal** trí ráta 8% MSU a thabhairt isteach i ndáil le tuillimh os cionn €70,000 chun an ráta imeallach de 52% a choinneáil.

Plean trí bliana athchóirithe cánach chun **15,000 post** breise a chruthú nuair a bheidh na hathruithe ar fad in éifeacht.

## CÓRAS CÁNACH CÓIR AGUS FORCHÉIMNITHEACH

Íocann an 1% is airde ioncaim 21% den cháin ioncaim agus MSU iomlán

Íocann an 24% is airde ioncaim 80% den cháin ioncaim agus MSU iomlán.

Íocann an 76% is ísle ioncaim 20% den cháin ioncaim agus MSU iomlán.

Ioncaim de €12,012 nó níos lú díolmhaithe.  
An t-aon mhéadú cánach – Méadú ar dhleacht ar thoitíní agus ar tháirgí eile tobac.

## IOMAÍOCHT CHUN INFHEISTÍOCHT DHÍREACH EACHTRACH A GHNÓTHÚ LE TREOCHLÁR D'IOMAÍOCHAS

Tá an ráta cánach corparáide 12.5% ina bhunchloch den straitéis FDI - **Ní athrófar é**.

Athrú ar rialacha cónaitheachta faoina n-éileofar ar gach cuideachta atá cláraithe in Éirinn a bheith cónaitheach in Éirinn chun críocha cánach –deireadh a chur freisin leis an “Socrú Dúbailteach” mar a thugtar air.

Cur chun cinn an eolais ar ardleibhéal ag ráta íseal iomaíoch cánach.

An córas maoin intleachtúla a fheabhsú chomh maith leis an gcóras cánach a bhaineann le Taighde agus Forbairt agus an Clár Faoisimh Sannaí Speisialta.

Staid na hÉireann mar an áit is fearr don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a chothabháil agus líon na ndaoine atá fostaithe a mhéadú de bhreis ar an **165,000 duine atá fostaithe faoi láthair** ag fiontair ar úinéireacht eachtrach a fhaigheann tacaíocht ón IDA.

## I DTREO MARGADH MAOINE ATÁ AG FEIDHMIÚ GO HIOMLÁN

Cuirfear síneadh leis an **Dreasacht Athchóirithe** chuig maoin ar Cíos

Deireadh a chur leis na **Forálacha Cánach Amhantair** 80% ar ghnóchain atá inchurtha i leith cinntí pleanála áirithe agus tiocfaidh ráta 33% CGC ina n-ionad.

Ní chuirfear síneadh le **faoiseamh maoin CGC** i ndiaidh 2014.

**Áisíoc ar an gCáin Choinneála ar Ús Taisce** ar choigiltis a úsáideann ceannaitheoirí céaduaire tí in aghaidh éarlais ar áit chónaithe.

Fiosróidh **Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann** na roghanna maoinithe le haghaidh tionscadail tithíochta.